Juvenes Translatores

Comórtas chun aitheantas a thabhairt do na haistritheoirí óga is fearr san Aontas Eorpach

CÉ ATÁ IN ANN PÁIRT A GHLACADH ANN?

Daltaí meánscoile a rugadh in 2009.

CAD É ATÁ ANN?

Gach bliain ó bhí 2007 ann, tá comórtas aistriúcháin *Juvenes Translatores* á reáchtáil ag Ard-Stiúrthóireacht Aistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh i scoileanna ar fud an Aontais Eorpaigh. Tugann sé deis do dhaoine óga blaiseadh a fháil de ghairm an aistritheora, spreagtar iad chun teangacha iasachta a fhoghlaim, agus is féidir go spreagfar roinnt acu le bheith ina n-aistritheoirí gairmiúla iad féin. Bíonn thart ar 3,000 déagóir as breis agus 700 meánscoil páirteach sa chomórtas gach bliain.

CATHAIN A BHEIDH SÉ AR SIÚL?

Roimh an gcomórtas

Ní mór do scoileanna clárú go díreach ar shuíomh gréasáin *Juvenes Translatores* idir an 1 Meán Fómhair agus an 12 Deireadh Fómhair 2026. Roghnófar na scoileanna go randamach chun páirt a ghlacadh sa chomórtas – i ngach Ballstát den Aontas Eorpach, beidh an líon céanna scoileanna agus an líon suíochán atá ag an tír sin i bParlaimint na hEorpa.

Lá an chomórtais (an 26 Samhain 2026)

I mBallstáit uile an Aontais Eorpaigh, ar an lá céanna, aistreoidh na daltaí téacs faoi mhaoirseacht a múinteoirí.

Tar éis an chomórtais: cuairt 3 lá ar an mBruiséil don searmanas bronnta (8-10 Aibreán 2027)

Aistritheoirí ón gCoimisiún Eorpach a mharcálfaidh na haistriúcháin agus a roghnóidh an t-aistriúchán is fearr ó gach Ballstát. Tabharfar cuireadh do na 27 mbuaiteoir teacht chun na Bruiséile ar feadh 3 lá chun a nduais a fháil.

CÉ NA TEANGACHA A BHEIDH I gCEIST SAN AISTRIÚCHÁN DO NA RANNPHÁIRTITHE?

Aon cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais

Gheobhaidh na daltaí téacs ina rogha teanga…

… agus aistreoidh siad chuig a rogha teanga eile é

ec.europa.eu/translatores facebook.com/translatingforeurope instagram.com/translatingforeurope/

Scríobh chugainn ag: DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu

#JuvenesTranslatores